


Scileanna Cumarsáide a Fhorbairt in Foghlaim don Saol agus don Obair



Is scil í an Chumarsáid atá i gcroílár an churaclaim. Ba chóir go mbeadh páistí ábalta cumarsáid a dhéanamh lena gcur féin in iúl ar bhonn sóisialta, mothúchánach agus fisiceach, le forbairt mar dhaoine aonair, dul i dteagmháil le daoine eile agus bheith rannpháirteach mar bhaill den tsochaí.

Ba chóir go gcuirfí deiseanna ar fáil do pháistí scil seo na cumarsáide a fhoghlaim agus a léiriú agus an t-eolas acu ar choincheapa agus ar scileanna na cumarsáide a úsáid i ngnáthchomhthéacsanna fíora, a bhfuil ciall leo, trasna an churaclaim.



Forbairt Phearsanta



Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda



An Fachtóir WOW
Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

Leagann Curaclam Thuaisceart Éireann amach na scileanna a bhaineann leis na riachtanais reachtúla i ngach Réimse Foghlama. Tá sé mar thoradh foghlama in Foghlaim don Saol agus don Obair gur chóir go mbeadh daltaí in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i bhformáidí labhartha, scríofa agus amhairc, agus seo a chur in oiriúint don spriocghrúpa agus don chuspóir.

Tugtar cuidiú do mhúinteoirí sa leabhrán seo deiseanna fiúntacha a aimsiú le scileanna Cumarsáide na ndaltaí a chur chun cinn tríd an ábhar Foghlaim don Saol agus don Obair. Cuirfidh sé an t-eolas agus na huirlisí ar fáil do mhúinteoirí leis seo a dhéanamh.

Ábhar na hAcmhainne

Baineann an leabhrán seo le trí hacmhainn atá foilsithe ag CCEA cheana féin a bhaineann le Foghlaim don Saol agus don Obair ag Eochairchéim 3:

- **Insync** (Forbairt Phearsanta)
- Fillteán **Saoránacht Áitiúil agus Domhanda;** agus
- **An Fachtóir WOW** (Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta).

Roghnaigh muid gníomhaíocht amháin as gach acmhainn do gach bliainghrúpa a chuireann deis iontach ar fáil, dar linn, scileanna na Cumarsáide a fhorbairt. Mínimid ansin an dóigh leis an ghníomhaíocht a oiriúnú lena díriú ar an Chumarsáid. Cuirimid seicliosta ar fáil fosta le cuidiú le múinteoirí agus le daltaí machnamh a dhéanamh ar an scil atá á forbairt acu.

An Dóigh leis an Acmhainn seo a Úsáid

Ar gach leathanach tá:

- **Seicliosta Cumarsáide** – *tabharfaidh sé seo moltaí agus leideanna do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar an dóigh leis an scil ar leith Cumarsáide a bhfuiltear ag díriú uirthi a fhorbairt.*
- **Nasc le hAcmhainn a bhaineann le Foghlaim don Saol agus don Obair** – *tabharfaidh an nasc seo chuig an bhunghníomhaíocht thú i gceann de na háiseanna a bhaineann le Foghlaim don Saol agus don Obair.*
- **Nótaí Ullmhúcháin** – *tuilleadh eolais ar an dóigh ar féidir an bhunghníomhaíocht a chur in oiriúint le go mbeadh sí dírithe ar bhealach níos éifeachtaí ar scileanna na Cumarsáide.*

Má leanann tú an nasc leis an acmhainn a bhaineann le Foghlaim don Saol agus don Obair is fearr a thuigfidh tú comhthéacs agus cúlra na gníomhaíochta. Cuideoidh na nótaí ullmhúcháin leat deis a dhéanamh den ghníomhaíocht scileanna na Cumarsáide a fhorbairt. Is fiú an seicliosta a chur ar taispeáint le linn do na daltaí bheith ag dul don ghníomhaíocht, sa dóigh is go dtig leo féinmheasúnú a dhéanamh ar fhorbairt na scile acu, nó é a úsáid leis na cineálacha iompair agus oibre ba chóir a fheiceáil le linn na gníomhaíochta a chur i gcuimhne dóibh.

Ní luaitear comhthéacs ar bith leis na seicliostaí agus mar gheall air sin is féidir iad a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíocht ar bith a bhaineann le gné ar leith den Chumarsáid. Baineann na seicliostaí le bliainghrúpa ar leith, áfach, mar sin de caithfear seicliosta bhliain 10 a chur in oiriúint má táthar á úsáid le bliain 8 le cumas na ndaltaí a chur san áireamh.

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

Bliain 8

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Bliain 8, An Fachtóir WOW, Aonad 4, Téama 4, Céimeanna i dTreo Gnóthachtála


Sa ghníomhaíocht seo, pléifidh na daltaí an dóigh a mbíonn orthu spriocanna a leagan amach le cuspóir a chur i gcrích. Is féidir cur leis an ghníomhaíocht seo trí dheis a thabairt do na daltaí scileanna chuir i láthair na Cumarsáide a fhorbairt. Iarrfar orthu cur i láthair aon nóiméid a dhéanamh a bhaineann le spriocanna a chumadh.

Úllmhúchán:

- I ndiaidh dóibh Áis 5 a chomhlánú, inis do na daltaí go mbeidh siad ag díriú, sa chuid seo den ghníomhaíocht, ar na scileanna a bhaineann le cur i láthair aonair a dhéanamh do lucht éisteachta.
- Iarr orthu na scileanna a bhaineann le láithreoir maith a shainaithint.
- Breac síos moltaí na ndaltaí agus cuir leis na moltaí más gá óna bhfuil ar an seicliosta. Abair leo gurb é seo liosta na gcritéar ratha don scil.
- Déanann daltaí measúnú ar a chéile de réir na gcritéar ratha.

Láithreoireacht Aonair

- Déan cinnte de go bhfuil do ghuth **ard agus soiléir**.
- Coinnigh **teagmháil súl** leis an lucht éisteachta.
- Cuimhnigh ar do **stáidiúir**, mar shampla, seas go díreach, agus ná bí ag útamáil.
- Cuimhnigh ar an **luas** – bain úsáid chuí as an méid ama atá agat.
- Bíodh **nótaí gairide** ar láimh agat, ach ná léigh amach iad.
- Bain úsáid as **áiseanna amhairc**, más cuí, le suim an lucht éisteachta a choinneáil, m.sh. cur i láthair, grianghraif, frapaí.
- Bain úsáid as **stíl agus ton** atá fóirsteanach don lucht éisteachta, m.sh. stíl fhoirmiúil d'agallaimh, stíl chomhráiteach do do chuid cairde ranga.
- Tarraing aird** an lucht éisteachta ón tús le hoscailt spéisiúil.
- Cloígh leis an ábhar** – ní rachaidh tú ar strae má tá ullmhúchán ceart déanta agat.
- Coinnigh **ábhar machnaimh** don chuid deiridh – cuir an lucht éisteachta ag smaoineamh ar a raibh le rá agat.



Fianaise ó Théacsanna á hÚsáid le Barúlacha a Mhíniú

- ☑ Déan cinnte de go bhfuil fianaise agat de rud ar bith a mhaíonn tú.
- ☑ Is féidir tagairt nó samplaí as an téacs a úsáid mar fhianaise.
- ☑ Más tagairt atá in úsáid agat, déan cinnte de go mbaineann tú úsáid as an phoncaíocht mar is ceart (féach an sampla thíos).
- ☑ Bain úsáid as an struchtúr thíos i ngach alt lena chinntiú go bhfuil an tacaíocht chúil le gach barúil:
 - Pointe
 - Fianaise
 - Míniú

Mar shampla:

(Pointe) Déantar tromaíocht chiníoch ar roinnt déagóirí, rud a chuireann isteach go mór orthu.

(Fianaise) Mar shampla, deir Sorcha go ndúirt roinnt daltaí ‘is trua nach bhfuair na Giúdaigh uilig bás’ nuair a bhí sí ar scoil.

(Míniú) Má dhírítear isteach ar dhifríochtaí daoine eile thig leis seo goilleadh go trom orthu cionn is go mothaíonn siad nach cuid den ghrúpa iad agus gur chóir náire a bheith orthu mar gheall ar na difríochtaí sin. Táimid uilig éagsúil ar dhóigh éigin, áfach, agus is duine speisialta gach uile dhuine againn dá bharr.

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

Bliain 8


An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, Aonad 2, Gníomhaíocht 2.7, An Ciníochas á Fhreagairt

Sa ghníomhaíocht seo a bhaineann le Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, léann daltaí cás-staidéir ar an chiníochas agus déanann siad machnamh ar dhóigheanna leis an chiníochas a fhreagairt. Beidh ar na daltaí óráid a ullmhú ar thionchar an chiníochais ar dhaoine agus cuirfidh sé seo deis mhaith ar fáil dóibh an scil Cumarsáide a fhorbairt a bhaineann le fianaise ó théacsanna a úsáid le barúlacha a mhíniú.

Úllmhúchán:

- I ndiaidh dóibh na cás-staidéir ar chiníochas san acmhainn a léamh agus an bhileog oibre a chríochnú, iarr ar na daltaí óráid a ullmhú a mhíneoidh an dóigh a dtéann ciníochas i bhfeidhm ar dhéagóirí i dTuaisceart Éireann. Caithfidh siad samplaí ón chás-staidéir a úsáid leis na pointí acu a threisiú.
- Abair leo go ndíreoidh siad fosta, sa chuid seo den ghníomhaíocht, ar an scil a bhaineann le fianaise as téacsanna a úsáid le barúlacha a threisiú. Bain úsáid as an seicliosta le cuidiú le daltaí sa tasc.



Forbairt Phearsanta

Bliain 8

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Insync, Bliain 8, Aonad 3,
Gníomhaíocht 2.2, Cinntí agus
Iarmhairtí

Sa ghníomhaíocht seo a bhaineann le Forbairt Phearsanta, tugtar bileog oibre do ghrúpaí daltaí ar a bhfuil creatlach scéil agus caithfidh siad an scéal a chur i ngníomh. Caithfidh siad críocha éagsúla a chruthú don dráma acu agus iarmhairtí gach cinnidh a dhéanann siad a léiriú.

Úllmhúchán:

- Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag díriú ar an scil a bhaineann le ról a ghlacadh agus cloí leis sa chuid seo den ghníomhaíocht.
- Nuair a bhíonn an rólghlacadh socraithe ag na daltaí, déan an dóigh a gcuireann aisteoirí cuma na fírinne ar a gcuid aisteoireachta a phlé leo (féach an seicliosta le moltaí a fháil).
- Breac síos moltaí na ndaltaí agus cuir leis na moltaí más gá óna bhfuil ar an seicliosta. Abair leo gurb é seo liosta na gcritéar ratha don scil.
- Déanann na daltaí measúnú ar a chéile bunaithe ar na critéir ratha.

Ról a Ghlacadh agus Cloí leis



Roghnaigh agus bain úsáid as **comharthaíocht choirp** atá fóirsteanach don ról, mar shampla:

- Sciatháin a fhilleadh le míshásamh a léiriú.
- Méar a dhíriú le fonn troda a léiriú.
- Útamáil agus amharc thart le leadránacht a léiriú.
- Seasamh díreach le húdarás a léiriú.



Bain úsáid as **gothaí gnúise** le meon a léiriú, mar shampla:

- Iontas
- Fearg
- Eagla
- Greann srl.



Bain úsáid as **teanga chuí**, mar shampla:

- Focail shimplí don aos óg.
- Béarlagair do dhéagóirí.




Bain úsáid as **éadaí/frapaí ábhartha** más cuí, mar shampla:

- Práiscín
- Bata siúil
- Caipín 'baseball'



Lean ort sa ról agat go dtí deireadh an chuir i láthair.



Scríobh go hÁititheach

- ✓ Bíodh do dhearcadh **soiléir** ón chéad líne. Déan achoimre ar do dhearcadh iomlán sa chéad alt.
 - ✓ **Seachain claontacht**, agus bíodh ton measúil, cothromaithe agat i do chuid scríbhneoireachta, mar shampla, ‘aithnímid an gá le brábús a dhéanamh, ach...’
 - ✓ Bíodh do chuid pointí **soiléir agus ciallmhar**.
 - ✓ Bíodh do chuid gramadaí agus poncaíochta **cruinn** beacht.
 - ✓ Bain úsáid as **teicnící** áititheacha coitianta, mar shampla, uaim, fíricí, barúlacha, athrá, ceisteanna reitriciúla, teanga mhothúchánach, staitisticí, liostaí a bhfuil 3 pointe i ngach ceann acu.
- ** Féach nó éist le hóráid Martin Luther King ‘I have a dream’ le sampla de na teicnící seo a fheiceáil.**
- ✓ Cuir **fianaise** le do chuid barúlacha, mar shampla, staitisticí, saintuairimí.
 - ✓ Fág **ábhar machnaimh** acu ag an deireadh, mar shampla, rud a dúirt duine éigin nó scéal grinn.

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

Bliain 9

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Bliain 9, An Fachtóir WOW, Aonad 4, Téama 5, Gabh go Glas, Gníomhaíocht 2

Sa ghníomhaíocht seo a bhaineann le hOideachas le hAghaidh Infhostaitheachta, fiosróidh daltaí an dóigh a dtig le gnólachtaí na hastuithe carbóin acu a laghdú. Scríobhfaidh siad litir ansin chuig comhlacht, a spreagadh iad chun an lorg carbóin acu a laghdú. Cuirfidh sé seo deis ar fáil do na daltaí an scríbhneoireacht áititheach a fhorbairt.

Úllmhúchán:

- Abair leis na daltaí gur ar an scríbhneoireacht áititheach a bheas siad ag díriú sa ghníomhaíocht seo.
- Iarr ar an rang na gnéithe sin a bhaineann le scríbhneoireacht mhaith áititheach a shainnithint.
- Breac síos moltaí na ndaltaí agus cuir leis na moltaí más gá óna bhfuil ar an seicliosta. Abair leo gurb é seo liosta na gcritéar ratha don scil.
- Ar chríochnú na litreach dóibh, bainfidh na daltaí úsáid as na critéir ratha le measúnú a dhéanamh ar litreacha a chéile.



Saoránacht

Bliain 9

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, Aonad 6, Gníomhaíocht 6.1, DámBeadh £100 sa Domhan.


Sa ghníomhaíocht seo a bhaineann le Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, fiosróidh daltaí ceartas sóisialta agus eisiámh sóisialta. Roinnfear ina ngrúpaí iad agus bainfear úsáid as na ceisteanna a chuirtear ar fáil le díospóireacht a spreagadh ar an dóigh a bhfuil saibhreas an domhain roinnte amach. Beidh aiseolas ann ó na grúpaí uilig agus freagróidh siad ceisteanna agus dúshláin a chéile. Cuirfidh an ghníomhaíocht seo deis iontach ar fáil do dhaltaí a gcuid scileanna éisteachta a fhorbairt.

Úllmhúchán:

- I ndiaidh dóibh gníomhaíocht 6.1 ar dháileadh shaibhreas an domhain a chríochnú iarr ar na daltaí an cheist seo a leanas a phlé: 'An bhfuil na deiseanna céanna sa saol ag gach duine ar domhan, dar libh?'
- Abair leo go mbeidh siad ag díriú ar na scileanna éisteachta s'acu a fhorbairt sa chuid seo den ghníomhaíocht.
- Fiafraigh de na daltaí cad é, dar leo, is scileanna éisteachta ann agus breac síos na freagraí acu de réir mar is cuí.
- Fiafraigh de na daltaí cad é mar a d'aithneodh siad go raibh duine ag éisteacht go héifeachtach. Breac síos moltaí na ndaltaí agus cuir leis na moltaí más gá óna bhfuil ar an seicliosta.
- Abair leis na daltaí samplaí de scileanna maithe éisteachta a thug siad faoi deara sa díospóireacht grúpa a bhreacadh síos. Is féidir é a dhéanamh mar chuid den seisiún aiseolais.

Éisteacht Éifeachtach, Ghníomhach

- Bíodh **foighne** ort, ná déan iarracht an méid a bheas le rá ag duine a thuar agus lig don duine an abairt a chríochnú.
- Ná bris isteach** ar chaint duine eile.
- Amharc **idir an dá shúil** ar an duine atá ag caint.
- Cuir in iúl go bhfuil tú ag éisteacht le comharthaíocht choirp amhail **sméideadh cloiginn, aoibh an gháire, gothaí gnúise.**
- Cuir ceisteanna fiúntacha le **fiosracht** a léiriú.
- Breac síos ceisteanna** ba mhaith leat a chur ag deireadh na cainte.
- Déan an méid a dúradh a **athrá** le tuiscint a chinntiú.
- Cuir **aontú nó easaontú** in iúl maidir le pointí a rinneadh sa chaint.
- Ná bí ag útamáil!**



Eolas a Aimsiú agus a Roghnú as Réimse d'Fhoinsí Idirlín

- ☑ Tá suíomhanna gréasáin ann atá níos iontaofa ná suíomhanna eile.
- ☑ Déan idirdhealú idir suíomhanna fiúntacha agus suíomhanna nach bhfuil aon rialú ar an fhaisnéis a chuirtear isteach iontu.
- ☑ Déan eolas a bhaineann leis an tasc a shainaithint mar shampla, fíricí, saineolas agus staitisticí.
- ☑ Coinnigh taifead cruinn de na suíomhanna a mbaineann tú úsáid astu faoi choinne tagairtí (seoltaí iomlána gréasáin).
- ☑ Cuimhnigh ar an tábhacht a bhaineann le dáta foilsithe, agus ar an difear idir eolas stairiúil agus eolas reatha.

Forbairt Phearsanta

Bliain 9

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Insync, Bliain 9, Aonad 10, Gníomhaíocht 2, Cad é atá a Fhios agat faoi Chaitheamh Tobac?

Sa ghníomhaíocht seo, déanfaidh daltaí caitheamh tobac, na hiarmhairtí agus an fáth a gcaitheann daoine tobac a fhiosrú. Tig leis na daltaí an scil a bhaineann le heolas a aimsiú agus a roghnú as réimse d'fhoinsí Idirlín a fhorbairt trí bhileog eolais ar chaitheamh tobac a chruthú.

Úllmhúchán:

- Abair leis na daltaí go ndíreoidh siad ar na scileanna a fhorbairt a bhaineann le heolas a aimsiú agus a roghnú as réimse d'fhoinsí Idirlín sa chuid seo den ghníomhaíocht.
- Iarr ar na daltaí an bhileog eolais a léamh agus úsáid a bhaint as inneall cuardaigh le taighde a dhéanamh ar an Idirlíon le tuilleadh eolais a fháil ar chaitheamh tobac.
- Abair leis na daltaí go gcaithfidh siad dhá shuíomh gréasáin ar a laghad a úsáid agus na seoltaí gréasáin acu a bhreacadh síos.
- Iarr ar na daltaí suíomhanna gréasáin is féidir a úsáid a lua. Cuir díospóireacht ranga ar bun ar iontaofacht eolais a aimsítear ar an Idirlíon (féach seicliosta).



Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

Bliain 10

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Bliain 10, An Fachtóir WOW, Aonad 1,
Téama 2, Cailíochtaí Dom Féin

Sa ghníomhaíocht seo, roghnóidh na daltaí ábhar GCSE ar mhaith leo poiblíocht a thabhairt dó. Scríobhfaidh siad iatán faoi choinne leabhrán eolais ar an ábhar. Cuirfidh sé seo deis ar fáil dóibh an scil Cumarsáide a fhorbairt a bhaineann le heolas a aimsiú as réimse d'fhoinsí.

Úllmhúchán:

- Abair leis na daltaí go ndíreoidh siad ar an scil a fhorbairt a bhaineann le heolas a aimsiú as réimse d'fhoinsí sa ghníomhaíocht seo.
- Cuir ceist ar na daltaí cad é an dóigh leis an taighde seo a thosú.
- Breac síos moltaí na ndaltaí agus cuir leis na moltaí más gá óna bhfuil ar an seicliosta. Abair leo gurb é seo liosta na gcritéar ratha don scil.
- Oibreoidh na daltaí ina mbeirteanna ar an ábhar a roghnaigh siad.

Eolas a Aimsiú i Réimse d'Fhoinsí

- Déan an **phríomhcheist a shainaitint**, mar shampla, an bhfuil measúnú rialaithe riachtanach don ábhar seo?
- Bí ar an eolas faoi **na háiteanna le foinsí úsáideacha eolais a aimsiú**, mar shampla, rannóg na ngairmeacha sa scoil/leabharlann phoiblí.
- Fiosraigh an bhfuil **gníomhaireachtaí seachtracha** ann ar féidir leo cuidiú a thabhairt, mar shampla, suíomhanna gréasáin na mbórd scrúdúchán.
- Cuimhnigh go bhfuil **suíomhanna áirithe níos iontaofa** ná suíomhanna eile.
- Breac nótaí** le heolas ábhartha a shainaitint.
- Coinnigh **taifead** cruinn de na foinsí, le gur féidir tagairt a dhéanamh de níos moille.
- Déan cinnte de gur eolas **reatha** é.



Litreacha Foirmiúla a Scríobh

- Déan cinnte de go bhfuil an struchtúr ceart sa litir (féach an teimpléad thíos).
- Bíodh paragraif sa litir.
- Bíodh aidhm na litreach soiléir sa chéad pharagraf.
- Cuir abairtí ábhartha ag deireadh na litreach, mar shampla, má tá tú ag súil le freagra d'fhéadfá 'Tá mé ag súil go mór le freagra go luath', a scríobh.
- Scríobh 'Is mise, le meas', 'Le gach deamhain', nó 'Beir bua agus beannacht' agus d'ainm ag deireadh na litreach.
- Bíodh teanga fhoirmiúil in úsáid agat i dtólamh. Ná húsáid béarlagair nó caint na sráide.
- Bíodh ton measúil i dtólamh ann.
- Déan an litir a léamh arís agus an litriú, an phoncaíocht agus an ghramadach á seiceáil agat.

Teimpléad le Litir Fhoirmiúil a Scríobh

Do sheoladh féin
An dáta

Seoladh an fhaighteora

A Dhuine Uasail, (nó 'A, a chara,' má tá an t-ainm ar eolas agat)

Tá mé ag scríobh le

Is mise, le meas,

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

Bliain 10

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, Aonad 9, Gníomhaíocht 9.4, Cén Aois a dTig Liom?

Sa ghníomhaíocht saoránachta seo, pléifidh na daltaí na dlíthe a leagann síos an aois ag a dtig le daoine rudaí áirithe a dhéanamh, mar shampla, níl cead ag daoine vóta a chaitheamh go dtí go bhfuil siad 18 mbliana d'aois. Roghnóidh siad dlí amháin acu seo ba mhaith leo a athrú agus cruthóidh siad cás lena athrú a chuirfidh siad ina luí ar an chuid eile den rang.

Má scríobhann siad chuig TD áitiúil nó chuig CTR beidh deis ag na daltaí an cumas acu litir fhoirmiúil a scríobh a fhorbairt.

Úllmhúchán:

- I ndiaidh dóibh an cás acu a chur os comhair an ranga, abair leis na daltaí litir an duine a scríobh chuig CTR/TD.
- Abair leo go ndíreoidh siad ar na scileanna a fhorbairt a bhaineann le litir fhoirmiúil a scríobh sa chuid seo den ghníomhaíocht.
- Iarr moltaí ar na daltaí maidir le hábhar agus le struchtúr na litreach.
- Taispeáin an seicliosta do na daltaí le cuidiú leo an litir a scríobh agus a mheas.

Forbairt Phearsanta

Bliain 10

An Áit leis an Scil a Fhorbairt:

InSync Bhliain 10, Aonad 9,
Gníomhaíocht 2.2, Ag Siúl Amach

Scríobhfaidh na daltaí litir an duine chuig comhairleoir croí chráite (*agony aunt*). Scríobhfaidh siad an freagra chomh maith ar na priacail agus ar na contúirtí a bhaineann le bheith ag siúl amach le duine, mar chuid de cheacht a bhaineann le Forbairt Phearsanta. Beidh deis mhaith acu an scil Cumarsáide a bhaineann le scríbhneoireacht chomhairlithe a fhorbairt dá bharr.

Úllmhúchán:

- Abair leis na daltaí, agus iad ag scríobh an fhreagra ón chomhairleoir croí chráite, go mbeidh siad ag díriú ar an scil a fhorbairt a bhaineann le scríbhneoireacht chomhairleach
- Cuir samplaí de 'leathanaigh fadhbanna' ar fáil le struchtúr na bhfreagraí a léiriú.
- Abair le daltaí gnéithe coitianta den chomhairle a thugtar a shainiú. Breac na gnéithe síos agus cuir eolas ón seicliosta leo.

Scríbhneoireacht le Comhairle a Thabhairt

- Cuir ton neamhfhoirmiúil cairdiúil i bhfeidhm leis an léitheoir a chur ar a shuaimhneas.
- Bain úsáid as forainmneacha pearsanta amhail 'mé', 'tú', 'muid', le teagmháil phearsanta a dhéanamh leis an léitheoir.
- Bain úsáid as focail agus as abairtí atá simplí agus gairid lena dhéanamh cinnte de nach scanraíodh an méid a scríobhann tú an duine.
- Bain úsáid as ceisteanna reitriciúla leis an léitheoir a spreagadh machnamh a dhéanamh ar na moltaí agat.
- Bain úsáid as stíl chothromaithe a sheachnaíonn cáineadh – tabhair comhairle seachas seanmóir!



Foilseachán de chuid CCEA © 2012



COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
☎ +44 (0)28 9026 1200 ☎ +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning